

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH
 SCRÚDAITHE AN GHEIMHRIDH 2002
 AN DARA SCRÚDÚ OLLSCOILE SNA DÁIN

TÍREOLAÍOCHT

TI 219 Timpeallacht agus Tírdhreach

An tOll. U. Strohmayer
 An Dr. P O Conchubhair
 An tOll. M. Dunford
 An Dr. McDonagh

Am ceadaithe : 1.5 uair
Freagair 2 cheist

1. Ní de bharr fhorbairt réidh gan dua a tháinig muid ar ár dtuiscint chomhaimseartha ar an tírdhreach, ba ghá troid dhúshlánach a dhéanamh in éadan bunaíocht choimeádach eolaíochtúil. An léiríonn an ráiteas seo thuas conas ar tháinig forbairt ar ár dtuiscint ar thírghné agus ar thírdhreach ?
2. Tá forbairt fhána ar cheann de na hábhair is conspóidí sa gheomoirfeolaíocht. Pléigh é seo trí chomparáid a dhéanamh idir na príomhtheoiricí faoi éabhlóid fhánaí, agus an méid a chuir siad lenár dtuiscint den tírdhreach mórtimpeall orainn, má chuir.
3. Imlínigh an gaol atá idir an bhuncharraig agus cruth an dromchla talún a chruthaítear. Déan tagairt do shamplaí ar leith i do fhreagra.
4. Is gá athrú a dhéanamh ar dhearcadh daoine, agus cur lena n-eolas maidir leis an ngá atá le 'bainistiú' a dhéanamh ar ár dtírdhreach, mar chuid lárnach den iarracht chun an tuath cheart a chaomhnú in Éirinn. Pléigh é seo le tagairt shonrach do dhá shampla ar a laghad.